Scéim Comhionannais d'Uiscebhealaí Éireann

Arna dréachtú de réir Alt 75
agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

Tá an doiciméad seo ar fáil i raon formáidí arna iarraidh sin.
Téigh i dteagmháil linn le do chuid riachtanas.

Scríobh chuig: **An tIonad Comhionannais**
Plean Corparáideach
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co Fhear Manach
BT74 7JY

Fón: **+44 (0) 28 6632 3004**

Suíomh Idirlíon: https://www.waterwaysireland.org/

R-phost: informationrequest@waterwaysireland.org

Faofa ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (CCTÉ) an 24 Aibreán 2013

Réamhrá

Éilítear ar na húdaráis phoiblí le hAlt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 (The Northern Ireland Act 1998), agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann, aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn thar raon de chatagóirí atá leagtha amach san Acht.

Inár Scéim Comhionannais, leagamar amach conas a bheartaíonn Uiscebhealaí Éireann na dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh.

Déanfaimid na hacmhainní riachtanacha ó thaobh daoine, ama agus airgid de a ghealladhchun a chinntiú go gcomhlíonfar na dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus go gcuirfear an Scéim Comhionannais i bhfeidhm go héifeachtach, agus in am.

Geallaimid go mbeidh socruithe inmheánacha éifeachtacha a bheith i bhfeidhm againn chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid na dualgais reachtúla faoi Alt 75 go héifeachtach agus chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn.

Forbróimid agus soláthróimid clár cumarsáide agus oiliúna agus é mar aidhm aige sin a chinntiú go gcuirfear ár bhfoireann go léir ar an eolas go hiomlán faoinár Scéim Comhionannais agus go dtuigfimid na tiomantais agus na dualgais atá inti.

Táimid lán tiomanta dár ndualgais reachtúla de réir Alt 75 a chomhlíonadh go héifeachtach ar fud ár bhfeidhmeanna go léir trí chur chun feidhme éifeachtach ár Scéime Comhionannais.

Léiríonn ár Scéim Comhionannais go bhfuilimid tiomanta do dheiseanna a chruthú do dhaoine a dtéann ár obair i bhfeidhm orthu, ionas gur féidir leo tionchar dearfach a imirt ar an dóigh a gcomhlíonaimid ár bhfeidhmeanna de réir na dualgais reachtúla atá orainn faoi Alt 75 Ina theannta sin, tugann sí dóigh do dhaoine gearán a dhéanamh sa chás gur imríodh tionchar díreach orthu agus go gceapann siad gurb chúis leis sin ná teip dár gcuidsean i gcomhlíonadh ár Scéime Comhionannais .

Thar ceann Uiscebhealaí Éireann agus a fhoirne, tá mé sásta tacú agus seasamh leis an Scéim Comhionannais seo, scéim a cuireadh i dtoll a chéile de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 *(Northern Ireland Act 1998)* agus de threoirlínte an Choimisiúin Comhionannais.



John McDonagh
Príomhfheidhmeannach

7 Deireadh Fómhair 2022

Clár Ábhair

		Leathanach
Réamhrá		**1**
Caibidil 1	**Intreoir**	**3**
Caibidil 2	**Ár socruithe chun ár gcomhlíonadh le Dualgais faoi Alt 75 a mheas**	**6**
Caibidil 3	**Ár socruithe chun dul i gcomhairle**	**10**
Caibidil 4	**Ár socruithe chun tionchar na mbeartas a mheas, a fhaireachán agus chun iad a fhoilsiú**	**14**
Caibidil 5	**Oiliúint Foirne**	**22**
Caibidil 6	**Ár socruithe chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar na seirbhísí a sholáthraímid a chinntiú agus a mheas**	**25**
Caibidil 7	**Amchlár do bhearta a mholaimid sa Scéim Comhionannais seo**	**27**
Caibidil 8	**ÁR nós imeachta le Gearáin a dhéanamh**	**28**
Caibidil 9	**Foilsiú ár Scéime Comhionannais**	**30**
Caibidil 10	**Athbhreithniú ar ár Scéim Comhionannais**	**32**
Aguisín 1	**Struchtúr na hEagraíochta**	**33**
Aguisín 2	**Grúpaí samplacha a bhaineann le catagóirí faoi Alt 75 chun críocha Thuaisceart Éireann**	**`34**
Aguisín 3	**Liosta comhairleoirí**	**35**
Aguisín 4	**Amchlár do na bearta molta**	**37**
Aguisín 5	**Gluais Téarmaí**	**39**

Caibidil 1 Intreoir

Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

1.1 De réir Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 (An tAcht) ceanglaítear ar Uiscebhealaí Éireann dhá dhualgas reachtúla a chomhlíonadh:

Alt 75 (1)

Agus ár bhfeidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann á gcur i gcrích, caithfimid aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach éagsúil acu, daoine de thuairim pholaitiúil éagsúil, ó ghrúpa ciníoch éagsúil, ar aois, stádas pósta nó gnéaschlaonadh éagsúil
- fir agus mná i gcoitinne
- daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe orthu agus daoine nach bhfuil.

Alt 75 (2)

Ina theannta sin, gan dochar do na hoibleagáidí thuas, agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn maidir le Tuaisceart Éireann, ceanglaítear orainn aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil acu, nó ar de ghrúpa ciníoch éagsúil iad.

Cuimsítear le "feidhmeanna" "cumhachtaí agus dualgais" údaráis phoiblí[1]. Cuimsítear leis sin ár bhfeidhmeanna fostaíochta agus soláthair.

Féach thíos faoi "Cé muid féin agus cad a dhéanaimid" le haghaidh míniú mionsonraithe ar ár bhfeidhmeanna.

Cén dóigh a molaimid dualgais faoi Alt 75 a chomhlíonadh maidir le feidhmeanna ábhartha Uiscebhealaí Éireann

1.2 Sceideal 9 4. Ceanglaítear le Sceideal 9 4. (1) den Acht ar Uiscebhealaí Éireann mar údarás poiblí ainmnithe a leagan amach i Scéim Comhionannais cén dóigh a bhfuil sé beartaithe acu na dualgais a fhorchuirtear faoi Alt 75 i ndáil lena fheidhmeanna ábhartha a chomhlíonadh. Tá sé i gceist leis an Scéim Comhionannais seo an ceanglas reachtúil sin a chomhlíonadh. Is ráiteas é ar ár socruithe chun dualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh agus ár bplean chun iad a chur chun feidhme.

[1] Alt 98 (1) d'Acht Thuaisceart Éireann 1998

1.3 Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta d'oibleagáidí faoi Alt 75 a chomhlíonadh i ngach cuid dár n-eagraíocht agus déanfaimid na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil ó thaobh daoine, ama agus airgid chun a chinntiú go gcomhlíonfar dualgais reachtúla faoi Alt 75 agus gur féidir an Scéim Comhionannais a chur chun feidhme go héifeachtach.

Cé muid féin agus an méid a dhéanaimid

1.4 Tá Uiscebhealaí Éireann ar an gcomhlacht is mó de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh tríd an gconradh idirnáisiúnta a rinneadh ar an 8 Márta 1999 idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann. Tugadh éifeacht intíre don chonradh sin tríd an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999, agus tríd an Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 faoi seach.

Mar Chomhlacht Trasteorann táimid freagrach dár Ranna Urraithe, don Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in Éirinn.

Feidhmíonn an Comhlacht faoi threoir Beartais na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus faoi threoir an dá Rialtas, agus tá sé cuntasach do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais.

Is é feidhm reachtúil Uiscebhealaí Éireann na huiscebhealaí inseolta intíre a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú chun críocha áineasa go príomha.

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as níos mó ná 1,200 km d'uiscebhealaí inseolta, lena gcuimsítear;

- Uiscebhealach na Bearú
- Uiscebhealach na Banna Íochtair
- An Chanáil Ríoga
- Córas na hÉirne
- Uiscebhealach na Sionainne-Éirne
- An Chanáil Mhór
- Uiscebhealach na Sionainne

I mí Iúil 2007, d'aontaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) freagrachtaí atógála a chuimsiú ar Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtarach go Cluain Eois, agus i ndiaidh a hathchóirithe sin, a bainistiú, a cothabháil agus a forbairta chur faoi shainchúraim Uiscebhealaí Éireann chun críochaáineasa go príomha.

Ar bhonn oibríochtúil, tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as réimse leathan de shócmhainní bonneagair, a chuimsíonn Cainéil Uiscebhealaigh, claífoirt, cosáin tharraingthe, tailte tadhlacha, calafoirt, céanna, ardáin iascaigh, droichid, líntéir, uiscerianta, píobáin fhorsceite, loic, bualchomhlaí, agus tithe loca mar aon le foirgnimh agus cartlanna.

Misean Uiscebhealaí Éireann

1.5 Is é an misean atá againn a bheith inár gcaomhnóirí ar uiscebhealaí intíre agus comhoibriú chun na huiscebhealaí seo a hathshamhlú, a chothabháil, a fhorbairt agus a chur chun cinn le pobail, an comhshaol agus an oidhreacht a choinneáil ag dul.

Eispéiris spreagúla ar uiscebhealai agus ar loingseoireacht intíre a chruthú trí chaomhnúchán agus tríd an bhforbairt inbhuanaithe ar mhaithe le cách.

Caibidil 2 Ár socruithe chun ár gcomhlíonadh le Dualgais faoi Alt 75 a mheas

(Sceideal 9 4. (2) (a))

2.1 Tugtar breac-chuntas ar chuid dár socruithe chun ár gcomhlíonadh le dualgais reachtúla faoi Alt 75 a mheas i gcodanna ábhartha eile den Scéim Comhionannais seo. Tá sonraí maidir le socruithe Faireacháin agus Measúnaithe ar Thionchar Beartais san áireamh i gCaibidil 4. Tugtar mionsonraí ar Chomhairliúchán i gaibidil 3, Foilseacháin i gCaibidil 9 agus Gearáin i gCaibidil 8.

Ina theannta sin tá na socruithe a leanas i bhfeidhm againn chun ár gcomhlíonadh a mheas:

Freagrachtaí agus tuairisciú

2.2 Táimid tiomanta d'oibleagáidí faoi Alt 75 a chomhlíonadh i ngach cuid dár gcuid oibre.

2.3 Is ar an bPríomhfheidhmeannach atá an fhreagracht as ár Scéim Comhionannais a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach don dá Roinn Urraitheora as an Scéim Comhionannais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a chothabháil agus a athbhreithniú de réir Alt 75 agus Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, lena n-áirítear aon dea-chleachtas nó treoir a d'eisigh an Coimisiún Comhionannais nó a d'fhéadfaidís a eisiúint.

2.4 Má bhíonn aon cheist nó trácht agat maidir lenár Scéim Comhionannais, déan teagmháil ar an gcéad dul síos leis an Ionad Comhionannais agus tabharfaimid freagra duit a luaithe is féidir:

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise:

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

<u>Ríomhphost</u> : informationrequest@waterwaysireland.org

<u>Teileafón</u> : +44 (0) 28 6632 3004

2.5 Déanfar cuspóirí agus spriocanna a bhaineann leis na dualgais reachtúla a chomhtháthú inár bpleananna gnó straitéiseacha agus oibríochta.[2]

2.6 Léiríonn tuairiscí poist agus pleananna feidhmíochta na bhfostaithe a gcuid oibre maidir le comhlíonadh dualgas reachtúil faoi Alt 75 agus cur chun feidhme na Scéime Comhionannais, nuair is ábhartha. Tá na pleananna feidhmíochta pearsanta faoi réir breithmheasa san athbhreithniú feidhmíochta bliantúil.

2.7 Ullmhaíonn Uiscebhealaí Éireann tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir leis na socruithe atá leagtha amach sa Scéim Comhionannais seo a chur chun feidhme chun ár ndualgais reachtúla faoi Alt 75 a chomhlíonadh (tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75).

Seolfar tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75 chuig an gCoimisiún Comhionannais faoin 31 Lúnasa gach bliain, agus leanfaidh sí aon treoir maidir le tuairisciú bliantúil arna eisiúint ag an gCoimisiún Comhionannais.

Beidh dul chun cinn maidir le dualgais reachtúla faoi Alt 75 a sheachadadh san áireamh inár dtuarascáil bhliantúil (eagraíochtúil).

2.8 Tá an tuarascáil ar dhul chun cinn bliantúil faoi Alt 75 is déanaí ar fáil ar ár nasc suíomh gréasáin thíos nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Ionad Comhionannais.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

2.9 Bíonn uiscebhealaí Éireann i dlúth-theagmháil leis an gCoimisiún Comhionannais d'fhonn go gcinntítear an dul chun cinn sin ar chur chun feidhme ár Scéime Comhionannais.

Plean Gníomhaíochta/Bearta Gníomhaíochta

2.10 Forbróidh Uiscebhealaí Éireann Plean Gníomhaíochta chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn.

[2] Féach Aguisín 4 'Amchlár do bhearta atá beartaithe' agus alt 2.11 den Scéim Comhionannais seo.

2.11 Beidh na bearta gníomhaíochta a bheidh inár bPlean Gníomhaíochta ábhartha dár bhfeidhmeanna. Forbrófar agus tabharfar tosaíocht dóibh ar bhonn iniúchta ar éagothroime. Déanfaidh an t-iniúchadh ar éagothroime faisnéis a bhailiú agus a anailísiú ar fud catagóirí faoi Alt 75[3] chun na neamhionannais atá ann dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dóibh siúd a bhfuil tionchar ag ár mbeartais orthu a shainaithint.[4]

2.12 Beidh bearta gníomhaíochta sonrach, intomhaiste, nasctha le torthaí indéanta, atá réalaíoch agus faoi cheangal ama. Cuimseofar i mbearta gníomhaíochta táscairí feidhmíochta agus amscálaí chun iad a bhaint amach.

2.13 Forbróimid aon Phleananna Gníomhaíochta ar feadh tréimhse idir aon bhliain agus cúig bliana d'fhonn iad a ailíniú lenár dtimthriallta pleanála corparáideacha agus gnó. Ionchorprófar cur chun feidhme na mbeart gníomhaíochta inár bpróiseas pleanála gnó.

2.14 Lorgóimid ionchur ónár ngeallsealbhóirí agus rachaimid i gcomhairle lenár bPlean Gníomhaíochta sula seolfaimid chuig an gCoimisiún Comhionannais é agus ina dhiaidh sin agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar an bplean de réir 2.15 thíos.

2.15 Déanfaimid faireachán ar ár ndul chun cinn maidir le seachadadh ár mbeart gníomhaíochta go bliantúil agus déanfaimid an Plean Gníomhaíochta a nuashonrú de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfanfaidh sé éifeachtach agus ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuid oibre.

2.16 Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe nó leasuithe ar ár bPlean Gníomhaíochta agus áireofar an fhaisnéis sin inár dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75 don Choimisiún. Cuimseofar inár dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75 faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta againn maidir lenár bpleananna gníomhaíochta/bearta gníomhaíochta a chur chun feidhme.

2.17 Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh ár bPlean Gníomhaíochta ar fáil ó Ionad Comhionannais Uiscebhealaí Éireann agus ar ár suíomh gréasáin.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

[3] Féach alt 1.1 den Scéim Comhionannais seo le haghaidh liosta de na catagóirí sin.
[4] Féach alt 4.1 den Scéim Comhionannais seo le haghaidh sainmhíniú ar bheartais.

<u>Teileafón</u> : +44 (0) 28 6632 3004

Má theastaíonn an plean uait i bhformáid mhalartach, déan teagmháil leis an Ionad Comhionannais, sonraí thuas.

Caibidil 3 Ár socruithe chun dul i gcomhairle

(Sceideal 9 4. (2) (a)) - maidir le hábhair ar dóigh go mbeadh dualgas (S75 (1) nó (2)) ábhartha (lena n-áirítear sonraí faoi na daoine a rachfar i gcomhairle leo).
(Sceideal 9 4. (2) (b)) ar thionchar dóchúil na mbeartas arna nglacadh nó atá beartaithe againn a ghlacadh maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

3.1 Aithnímid an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán i ngach gné de chur chun feidhme ár ndualgas reachtúil comhionannais. Rachaimid i gcomhairle maidir lenár Scéim Comhionannais, bearta gníomhaíochta, measúnuithe tionchair comhionannais agus ábhair eile a bhaineann le dualgais reachtúla faoi.

3.2 Táimid tiomanta do chomhairliúchán a dhéanamh de réir na bprionsabal a leanas (mar atá i dtreoir an Choimisiúin Comhionannais faoi *'Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 – Treoir d'Údaráis Phoiblí (Aibreán 2010)'*).

3.2.1 Lorgófar i ngach comhairliúchán tuairimí uathu siúd a bhfuil tionchar díreach ag an ábhar/ag an mbeartas orthu, an Coimisiún Comhionannais, grúpaí ionadaíocha de chatagóirí faoi Alt 75, údaráis phoiblí eile, grúpaí deonacha agus pobail, ár bhfoireann agus a gceardchumainn agus grúpaí eile den sórt sin a bhfuil leas dlisteanach acu san ábhar, cibé an bhfuil leas díreach eacnamaíoch nó pearsanta acu nó nach bhfuil.

Ar dtús, cuirfear in iúl (le r-phost nó tríd an phost) do gach comhairlí (féach Aguisín 3) faoin ábhar/mbeartas a bhfuiltear ag dul i gcomhairle ina leith chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi gach comhairliúchán. Ina dhiaidh sin, chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as ár n-acmhainní agus as acmhainní ár gcomhairleoirí, glacfaimid cur chuige spriocdhírithe i leith comhairliúcháin do na daoine sin a ndeachthas i gcomhairle leo a bhféadfadh spéis ar leith a bheith acu san ábhar/beartas comhairliúcháin agus a mbaineann ábharthacht ar leith leis an ábhar/mbeartas. D'fhéadfadh comhairliúcháin réigiúnacha nó áitiúla, comhairliúchán earnála nó téamach srl a bheith san áireamh ansin.

3.2.2 Tosóidh comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go léir chomh luath agus is féidir. Rachaimid i dteagmháil le daoine aonair agus le grúpaí ionadaíocha lena mbaineann chun an bealach is fearr le dul i gcomhairle leo nó teagmháil a dhéanamh leo a shainaithint. Iarrfaimid ar na daoine a dtéimid i gcomhairle leo maidir le cad iad na modhanna comhairliúcháin is fearr leo, agus déanfaimid machnamh orthu sin. I measc na modhanna comhairliúcháin, d'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh:-

- Cruinnithe duine le duine
- Fócasghrúpaí
- Doiciméid scríofa leis an deis chun trácht a dhéanamh i scríbhinn
- Ceistneoirí

- Faisnéis/fógra ar ríomhphost leis an deis ann diúltú a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán nó glacadh leis an rogha le bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán
- Plé idirlín nó
- Comhairliúcháin teileafóin

Níl an liosta sin uileghabhálach agus féadfaimid modhanna comhairliúcháin breise eile a fhorbairt a bheidh níos oiriúnaí do phríomhpháirtithe leasmhara agus don ábhar a rachfar i gcomhairle ina leith.

3.2.3 Déanfaimid breithniú ar inrochtaineacht agus formáid gach modha comhairliúcháin a úsáidimid chun constaicí a bhaint den phróiseas comhairliúcháin. Tabharfar aird ar leith ar an mbealach is fearr le cumarsáid a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga, le daoine faoi mhíchumas (go háirithe daoine faoi mhíchumas foghlama) agus le pobail mhionlaigh eitneacha. Cuirimid san áireamh dea-chleachtas atá ann cheana féin agus atá ag forbairt, lena n-áirítear treoir an Choimisiúin Comhionannais *Bímis ag Caint, Bímis ag Éisteacht – Treoir d'údaráis phoiblí maidir le dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga agus iad a bheith rannpháirteach (2008)*.

Leanfaidh Uiscebhealaí Éireann de bheith tiomanta do chumarsáid éifeachtach a bhaint amach lenár gcustaiméirí go léir, idir inmheánach agus sheachtrach.

Cuirfear faisnéis ar fáil, arna hiarraidh sin, i bhformáidí malartacha,[5] ar bhonn tráthúil, laistigh de 20 lá oibre de ghnáth. Cuirfidh an tIonad Comhionannais in iúl do daoine atá rannpháirteach sa chomhairliúchán mura féidir an iarraidh ar fhormaid mhalartach a chur ar fáil laistigh de 20 lá oibre. Cinnteoimid go mbeidh an t-am céanna ag comhairleoirí den sórt sin chun freagra a thabhairt.

3.2.4 Cuirtear oiliúint shonrach ar fáil dóibh siúd a éascaíonn comhairliúcháin chun a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine atá rannpháirteach sa chomhairliúchán.

3.2.5 D'fhonn comhairliúchán éifeachtach a chinntiú le daoine atá rannpháirteach sa chomhairliúchán[6] maidir le hábhair faoi Alt 75, forbróimid clár um ardú feasachta ar dhualgais reachtúla faoi Alt 75 agus ar na tiomantais inár Scéim Comhionannais trí na nithe a leanas a dhéanamh:

- Teagmháil dhíreach a chinntiú leis na príomhpháirtithe leasmhara ábhartha go léir maidir le comhairliúcháin shonracha;

- A chinntiú go bhfuil na scileanna ag baill foirne chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus chun idirghníomhú go héifeachtach leis na daoine ábhartha atá rannpháirteach sa chomhairliúchán;

[5] Féach Caibidil 6 dár Scéim Comhionannais chun tuilleadh faisnéise a fháil ar fhormáidí malartacha faisnéise a sholáthraímid.
[6] Féach Aguisín 3 le haghaidh liosta dár gcomhairleoirí.

- Cuirfear gach comhairliúchán ar ár suíomh gréasáin le haghaidh rochtain phoiblí agus cuirfear in iúl don fhoireann go hinmheánach é trínár nuachtlitir agus inlíon foirne.

3.2.6 Mairfidh an tréimhse chomhairliúcháin ar feadh dhá sheachtain déag ar a laghad chun go leor ama a thabhairt do ghrúpaí dul i gcomhairle eatarthu féin mar chuid den phróiseas chun teacht ar a ndearcadh. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla nuair nach bhfuil an t-amscála sin indéanta (mar shampla Treoracha an AE nó reachtaíocht ar fud na RA a chur chun feidhme, ceanglais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht a chomhlíonadh, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha sláinte poiblí nó breithiúnais na Cúirte a chomhlíonadh), féadfaimid amscálaí a ghiorrú go sé seachtaine sula gcuirtear an beartas chun feidhme. Féadfaimid leanúint den chomhairliúchán ina dhiaidh sin agus déanfaimid athbhreithniú ar an mbeartas mar chuid dár ngealltanais faireacháin.[7]

Nuair a chaithfimid, faoi na cúinsí eisceachtúla sin, beartas a chur chun feidhme láithreach, toisc nach bhfuil sé faoi smacht ár n-údaráis, féadfaimid dul i gcomhairle tar éis an beartas a chur chun feidhme, d'fhonn a chinntiú go ndéanfar aon tionchair ar an mbeartas a mheas.

3.2.7 Má tá cleachtadh comhairliúcháin le bheith ar siúl thar thréimhse nuair nach mbeidh ar chumas na gcomhairleoirí freagairt, mar shampla, i rith shaoire an tsamhraidh nó na Nollag, nó má bhíonn an beartas atá á bhreithniú an-chasta, déanfaimid machnamh ar indéantacht tréimhse níos faide a cheadú don chomhairliúchán.

3.2.8 Tuigimid go bhféadfadh go mbeadh riachtanais éagsúla ag daoine aonair agus ag grúpaí ionadaíocha. Glacfaimid bearta iomchuí chun rannpháirtíocht iomlán a chinntiú in aon chruinnithe a thionólfar. Déanfaimid machnamh, mar shampla, ar an am den lá, oiriúnacht an ionaid, go háirithe más amhlaidh gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil air, an dóigh a ndéantar an cruinniú a reáchtáil, úsáid na teanga iomchuí, cibé acu má bhíonn comharthóir agus/nó ateangaire riachtanach, agus cibé an bhfuil gá le cúram leanaí agus tacaíocht a sholáthar do chúramóirí eile.

3.2.9 Cuirimid an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil do dhaoine a dtéitear i gcomhairle leo i bhformáidí iomchuí chun comhairliúchán bríoch a chinntiú. Cuimsítear leis sin faisnéis mhionsonraithe faoin togra beartais a bhfuiltear ag dul i gcomhairle leis agus aon sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ábhartha.

3.2.10 Agus aon chinneadh á dhéanamh againn maidir le beartas arna ghlacadh nó atá beartaithe a ghlacadh, cuirimid san áireamh aon mheasúnú agus comhairliúchán a dhéantar maidir leis an mbeartas.

3.2.11 Cuirimid aiseolas ar fáil do na daoine a dtéitear i gcomhairle leo go tráthúil. Ullmhaítear tuarascáil aiseolais ina bhfuil faisnéis achomair ar an mbeartas a ndeachthas i gcomhairle leis, achoimre ar bharúlacha na gcomhairleoirí agus

[7] Féach thíos ag 4.27 go 4.31 le haghaidh sonraí maidir le faireachán.

achoimre ar ár mbreithniú agus ar ár bhfreagairt d'ionchur na ndaoine a dtéitear i gcomhairle leo. Cuirtear an t-aiseolas ar fáil i bhformáidí atá oiriúnach do chomhairlithe. (Féach freisin alt 6.3)

3.3 Tá liosta dár gcomhairlithe san áireamh sa Scéim Comhionannais seo in Aguisín 3. Is féidir teacht air freisin ar ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Ionad Comhionannais.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

3.4 Níl ár liosta comhairliúcháin uileghabhálach agus déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil lena chinntiú go bhfanann sé ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár mbeartais.

Cuirimid fáilte roimh fhiosrúcháin ó aon duine/daoine nó eagraíochtaí ar mian leo a bheith curtha le liosta na gcomhairlithe. Déan teagmháil leis an Ionad Comhionannais (sonraí in alt 2.4) chun do chuid sonraí teagmhála a sholáthar agus do réimsí spéise a lua nó chun d'ainm/do chuid sonraí a bhaint nó a leasú. Cuir ar an eolas muid ag an bpointe seo freisin más mian leat go seolfaí faisnéis chugat i bhformáid nó i dteanga ar leith.

Caibidil 4 Ár socruithe chun tionchar na mbeartas a mheas, a fhaireachán agus chun iad a fhoilsiú

(Sceideal 9 4. (2) (b); Sceideal 9 4. (2) (c); Sceideal 9 4. (2) (d); Sceideal 9 9. (1); Sceideal 9 9. (2))

Ár socruithe chun tionchar dóchúil na mbeartas arna nglacadh nó a bheartaítear a ghlacadh maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn a mheas

(Sceideal 9 4. (2) (b))

4.1 I gcomhthéacs Alt 75, sainmhínítear 'beartas' ar bhealach an-leathan agus clúdaítear leis na bealaí ar fad a ndéanaimid ár bhfeidhmeanna maidir le Tuaisceart Éireann a chomhlíonadh nó na bealaí ar fad a bhfuil sé beartaithe againn iad a chomhlíonadh. Maidir leis an Scéim Comhionannais seo, úsáidtear an téarma beartas le haghaidh aon straitéise (beartaithe/leasaithe/atá ann cheana), tionscnamh nó cleachtas beartais agus/nó cinneadh, cibé acu i scríbhinn nó neamhscríofa é agus is cuma cén lipéad a thugtar dó, m.sh. 'dréacht' 'treorach', 'ardleibhéal' nó 'earnálach'.

4.2 Agus aon chinneadh á dhéanamh againn maidir le beartas arna ghlacadh nó atá beartaithe a ghlacadh, cuirimid san áireamh aon mheasúnú agus comhairliúchán a dhéantar maidir leis an mbeartas, mar a cheanglaítear le Sceideal 9 9. (2) d'Acht Thuaisceart Éireann 1998.

4.3 Úsáideann Uiscebhealaí Éireann uirlisí amhail **scagadh** agus **measúnacht tionchair comhionannais** d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dóigh a bheidh ag beartas ar chomhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn. Agus na measúnachtaí sin á ndéanamh againn déanfaimid iad a nascadh le torthaí beartaithe an bheartais atá i gceist, agus leanfaimid treoir ón gCoimisiún Comhionannais freisin:

- an treoir maidir le scagadh, lena n-áirítear an teimpléad scagtha, mar atá mionsonraithe i dTreoir an Choimisiúin faoi *"Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 – Treoir d'Údaráis Phoiblí (Aibreán 2010)'* agus maidir le
- measúnacht tionchair comhionannais a dhéanamh mar a shonraítear i dtreoir an Choimisiúin *'Treoir phraiticiúil maidir le measúnacht tionchair comhionannais (Feabhra 2005)'.*

Scagadh

4.4 Is é aidhm an scagtha na beartais sin a shainaithint ar dóigh dóibh tionchar a bheith acu ar chomhionannas deiseanna agus/nó dea-chaidrimh.

4.5 Cuirtear an scagadh i gcrích a luaithe is féidir sa phróiseas forbartha/athbhreithnithe beartais. Beidh beartais a mholfaimid a ghlacadh faoi réir scagtha sula gcuirfear chun feidhme iad. Le haghaidh straitéisí nó beartais níos mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm trí shraith céimeanna, déanfaimid scagadh ag céimeanna éagsúla le linn a gcur chun feidhme.

4.6 Glacann an cinnteoir beartais an ról ceannais i scagadh beartais agus tá údarás aige nó aici athruithe a dhéanamh ar an mbeartas sin. Mar sin féin, beidh baill foirne ábhartha eile i gceist leis an scagadh, mar shampla, speisialtóirí comhionannais, iad siúd a chuireann an beartas chun feidhme agus baill foirne ó réimsí oibre ábhartha eile. Nuair is féidir é, déanfaimid príomhpháirtithe leasmhara a áireamh sa phróiseas scagtha.

4.7 Cuirtear na ceisteanna a leanas i bhfeidhm ar ár mbeartais uile mar chuid den phróiseas scagtha:

- Cad é an tionchar dóchúil ar chomhionannas deiseanna dóibh siúd a dtéann an beartas seo i bhfeidhm orthu, do gach ceann de na catagóirí comhionannais atá in Alt 75? (miontionchar/mórthionchar/gan aon tionchar)

- An bhfuil deiseanna ann chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn níos fearr do dhaoine laistigh de na catagóirí comhionannais atá in Alt 75?

- Cé chomh mór agus is dóigh go mbeidh tionchar ag an mbeartas ar dhea-chaidreamh idir daoine de chreideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa ciníoch éagsúil? (miontionchar/mórthionchar/gan aon tionchar)

- An bhfuil deiseanna ann chun dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr idir daoine de chreideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa ciníoch éagsúil?

4.8 D’fhonn na ceisteanna scagtha a fhreagairt, bailímid gach faisnéis agus sonra ábhartha, cáilíochtúil agus cainníochtúil. Agus an fhianaise sin á cur san áireamh, déanaimid machnamh ar na riachtanais, na heispéiris agus na tosaíochtaí éagsúla do gach ceann de na catagóirí comhionannais in Alt 75. Beidh an fhianaise sin mar bhonn eolais le haon chinneadh scagtha.

4.9 Mar thoradh ar an scagadh a thabhairt chun críche, agus ár mbreithniú ar na freagraí ar na ceithre cheist scagtha go léir atá leagtha amach in alt 4.7 thuas á gcur san áireamh, beidh ceann de na trí thoradh seo a leanas:

1. rinneadh 'scagadh isteach' ar an mbeartas maidir le measúnacht tionchair comhionannais;
2. rinneadh an beartas a 'scagadh amach' le maolú[8] nó le beartas malartach atá beartaithe a ghlacadh;
3. rinneadh an beartas a 'scagadh amach' gan aon mhaolú ná rogha eile; beartas beartaithe lena ghlacadh.

4.10 Má chinntear mar thoradh ar ár scagadh gur miontionchar an tionchar is dócha a bheidh ag beartas maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí comhionannais deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, féadfaimid a chinneadh uaireanta dul ar aghaidh le measúnacht tionchair comhionannais (MTC), ag brath ar an mbeartas. Mura bhfuil MTC le déanamh, déanfaimid machnamh mar sin féin ar bhearta a d'fhéadfadh tionchar an bheartais a mhaolú chomh maith le beartais mhalartacha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna agus/nó dea-chaidrimh a chur chun cinn ar bhealach níos fearr.

Sa chás go maolaímid, tabharfaimid breac-chuntas inár dteimpléad scagtha ar na cúiseanna le tacú leis an gcinneadh sin mar aon leis na hathruithe, na leasuithe nó an beartas malartach atá beartaithe.

Déanfaidh an ceannaire beartais iomchuí laistigh d'Uiscebhealaí Éireann a (h)ainm a chur leis an gcinneadh scagtha sin.

4.11 Má chinntear mar thoradh ar ár scagadh gur 'mórthionchar' an tionchar dóchúil a bheidh ag beartas maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí comhionannais deiseanna agus/nó dea-chaidrimh, de ghnáth cuirfimid an beartas faoi réir measúnacht tionchair comhionannais. Déanfaidh an ceannaire beartais iomchuí laistigh d'Uiscebhealaí Éireann a (h)ainm a chur leis an gcinneadh scagtha sin.

4.12 Má chinneann ár scagadh nach mbeidh aon tionchar dóchúil ag beartas maidir leis na catagóirí comhionannais deise agus/nó dea-chaidrimh ar fad, féadfaimid a chinneadh an beartas a scagadh amach. Má dhéantar beartas a 'scagadh amach' mar bheart nach mbaineann le hábhar maidir le comhionannas deiseanna nó dea-chaidrimh, tabharfaimid sonraí faoi na cúiseanna leis an gcinneadh a glacadh. Déanfaidh an ceannaire beartais iomchuí laistigh d'Uiscebhealaí Éireann a (h)ainm a chur leis an gcinneadh scagtha sin.

4.13 A luaithe is féidir tar éis an próiseas scagtha a bheith tugtha chun críche, cuirfear an teimpléad scagtha, arna shíniú agus arna cheadú ag an

[8] Maolú - Sa chás a nochtann measúnú (scagadh sa chás seo) go bhfuil drochthionchar ag beartas áirithe ar chomhionannas deiseanna agus / nó dea-chaidrimh, ní mór d'údarás poiblí smaoineamh ar bhealaí chun na torthaí beartais a sheachadadh a mbeidh éifeacht chomh díobhálach acu ar na catagóirí ábhartha faoi Alt 75.

mbainisteoir sinsearach atá freagrach as an mbeartas, ar fáil ar ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Ionad Comhionannais.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

4.14 Má ardaíonn comhairlí, lena n-áirítear an Coimisiún Comhionannais, ábhar imní faoi chinneadh scagtha bunaithe ar fhianaise tacaíochta, déanfaimid athbhreithniú ar an gcinneadh scagtha.

4.15 Foilsítear ár dtuarascálacha scagtha gach ráithe [féach thíos ar 4.20 - 4.22 agus 4.23 le haghaidh sonraí].

Measúnú Tionchair Comhionannais

4.16 Is éard atá i measúnacht tionchair comhionannais (MTC) ná anailís chríochnúil agus chórasach ar bheartas, cibé an bhfuil an beartas sin foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, agus beag beann ar raon feidhme an bheartais sin. Is é príomhfheidhm MTC méid aon tionchair a bhíonn ag beartas ar chatagóirí faoi Alt 75 a chinneadh agus a fháil amach an drochthionchar é. Is deis é freisin chun na torthaí dearfacha dóchúla a bhaineann le beartas a léiriú agus chun bealaí a lorg chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtaí.

4.17 Chomh luath agus a dhéanfar beartas a scagadh, agus nuair a shainaithneofar ón scagadh go bhfuil gá le MTC, déanfaimid an MTC de réir threoir an Choimisiúin Comhionannais. Déanfar an mheasúnacht tionchair comhionannais mar chuid den phróiseas forbartha beartais, sula gcuirfear an beartas chun feidhme.

4.18 Beidh aon MTC faoi réir comhairliúcháin ag an gcéim/ag na céimeanna cuí. (Le haghaidh sonraí, féach thuas Caibidil 3 “Ár Socruithe le haghaidh Comhairliúcháin”).

Ár socruithe chun torthaí na measúnachtaí a fhoilsiú maidir leis an tionchar dóchúil a bheidh ag beartais atá glactha againn nó atá beartaithe againn a ghlacadh maidir le comhionannas deiseanna a chur chun cinn

(Sceideal 9 4. (2) (d); Sceideal 9 9. (1))

4.19 Cuirimid torthaí ár measúnachtaí (scagadh agus MTC) ar fáil go poiblí maidir leis an tionchar is dóigh a bheidh ag ár mbeartais i ndáil le comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn.

An méid a fhoilsímid

4.20 Tuarascálacha scagtha

Foilseofar iad sin go ráithiúil ar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí Éireann.

Áireofar an méid a leanas sna tuarascálacha scagtha:

- Gach beartas arna scagadh ag Uiscebhealaí Éireann thar an tréimhse trí mhí
- Ráiteas faoi aidhm(eanna) an bheartais/na mbeartas lena mbaineann an mheasúnacht
- Breithniú tugtha ar bhearta a d'fhéadfadh aon drochthionchar a mhaolú
- Breithniú tugtha ar bheartais mhalartacha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr;

- Cinntí scagtha, .i.:

  - an bhfuil an beartas 'scagtha isteach' le haghaidh measúnacht tionchair comhionannais.
  - cibé an ndearnadh an beartas a 'scagadh amach' le maolú nó gur beartaíodh beartas malartach.
  - cibé an ndearnadh an beartas a 'scagadh amach' gan maolú nó gur beartaíodh beartas malartach a ghlacadh.
  - nuair is infheidhme, amchlár chun measúnachtaí tionchair comhionannais a dhéanamh
  - nasc leis an teimpléad/leis na teimpléid scagtha comhlánaithe ar ár suíomh gréasáin

4.21 Teimpléid scagtha

Le haghaidh sonraí maidir le hinfhaighteacht ár dteimpléid scagtha féach ar 4.13.

4.22 Measúnachtaí tionchair comhionannais

Foilsítear tuarascálacha MTC a luaithe a bheidh an mheasúnacht tionchair tugtha chun críche. Cuimsítear an méid a leanas sna tuarascálacha sin:

- Ráiteas faoi aidhm an bheartais a ndearnadh measúnacht air
- Faisnéis agus sonraí a bailíodh
- Sonraí faoin measúnacht (faoi na measúnachtaí) tionchair
- Machnamh déanta ar bhearta a d'fhéadfadh aon drochthionchar a mhaolú
- Machnamh déanta ar bheartais mhalartacha a d'fhéadfadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr
- Freagraí comhairliúcháin
- An cinneadh a glacadh
- Pleananna faireacháin don todhchaí

An dóigh a bhfoilsímid an fhaisnéis

4.23 Tá an fhaisnéis uile a fhoilsímid inrochtana agus is féidir í a chur ar fáil i bhformáidí malartacha arna iarraidh sin. Féach 6.3 thíos.

Áit a bhfoilsímid an fhaisnéis

4.24 Tá torthaí ár measúnachtaí (tuarascálacha scagtha agus teimpléid chomhlánaithe, torthaí na measúnachtaí tionchair comhionannais) ar fáil ar ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Comhionannais:

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

4.25 Chomh maith leis an méid thuas, seoltar tuarascálacha scagtha (nasc leictreonach nó cóip chrua arna hiarraidh sin má tá sin níos oiriúnaí d'fhaighteoirí) lena n-áirítear na beartais ar fad a scagtar thar thréimhse 3 mhí go díreach chuig gach comhairlí gach ráithe.

4.26 Cuirfimid an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi infhaighteacht an ábhair seo trí chumarsáid mar phreaseisiúintí nuair is cuí.

Ár socruithe chun faireachán a dhéanamh ar aon drochthionchar a bhíonn ag na beartais atá glactha againn ar chomhionannas deiseanna

(Sceideal 9 4. (2) (c))

4.27 Is féidir le faireachán cabhrú linn seirbhísí poiblí níos fearr agus feabhsuithe leanúnacha a sholáthar. Is éard atá i gceist le faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis faoi Alt 75 próiseáil sonraí pearsanta íogaire (sonraí a bhaineann le bunús ciníoch nó eitneach daoine aonair, claonadh gnéis, tuairim pholaitiúil, creideamh reiligiúnach, srl). D'fhonn faireachán a dhéanamh faoi rún agus ar bhealach éifeachtach, leanann Uiscebhealaí Éireann treoir ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus ón Choimisiún Comhionannais.

4.28 Déanaimid faireachán ar aon drochthionchar maidir le cur chun cinn comhionannas deiseanna sna beartais atá glactha againn. Táimid tiomanta freisin chun faireachán níos leithne a dhéanamh d'fhonn deiseanna a shainaithint chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn ar bhealach níos fearr de réir threoir an Choimisiúin Comhionannais.

4.29 Is iad a leanas na córais atá bunaithe againn chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus chun deiseanna a shainaithint chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn ar bhealach níos fearr:

- Bailiú, tiomsú agus anailísiú na mbunsonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ábhartha ar fud na naoi gcatagóir chomhionannais ar bhonn leanúnach

- Iniúchadh ar chórais faisnéise atá ann laistigh de bhliain amháin tar éis an Scéim Comhionannais seo a fhormheas, chun méid an fhaireacháin reatha a shainaithint agus gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí d'fhonn an fhaisnéis riachtanach a bheith againn le go mbunófar cinntí uirthi

- Sonraí nua a dhéanamh nó a choimisiúnú más gá.

4.30 Má léirítear ó fhaireachán agus meastóireacht thar thréimhse dhá bhliain go mbeidh níos mó drochthionchair ag beartas ná mar a rinneadh a thuar, nó má thagann deiseanna chun cinn a ligfeadh do chomhionannas deiseanna níos fearr a chur chun cinn, cinnteoimid go ndéanfar an beartas a athbhreithniú chun torthaí níos fearr a bhaint amach do ghrúpaí comhionannais ábhartha.

4.31 Déanaimid athbhreithniú ar ár bhfaisnéis faireacháin MTC ar bhonn bliantúil. Déantar faisnéis faireacháin eile a athbhreithniú de réir na spriocanna sonracha mar atá mínithe inár bplean gníomhaíochta.

4.32 Beidh faireachán comhionannais ceangailte le gach iarratas poist comhlánaithe maidir le poist atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann in Uiscebhealaí Éireann. Déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna na sonraí a thiomsú le haghaidh tuairisciú ábhartha ar phróifíl na bhfostaithe agus na n-iarratasóirí.

4.33 Cinnteoimid go dtugtar aghaidh ar aon ghearáin maidir le reachtaíocht faoi Alt 75 go pras agus go héifeachtúil de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ár socruithe chun torthaí ár bhfaireacháin a fhoilsiú

(Sceideal 9 4. (2) (d))

4.32 Ceanglaítear orainn le Sceideal 9 4. (2) (d) go bhfoilseoidh muid torthaí an fhaireacháin ar thionchair dhíobhálacha na mbeartas a ghlacamar. Táimid tiomanta, áfach, chun faireachán níos leithne a dhéanamh agus foilsítear torthaí ár bhfaireacháin beartais mar a leanas:

4.33 Foilsítear faisnéis faireachán MTC mar chuid dár dtuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75 [féach alt 2.7]

4.34 Foilseofar torthaí faireacháin na MTC i ndoiciméid ábhartha agus cuirfear ar fáil iad ar ár suíomh gréasáin

4.35 Tá an fhaisnéis uile a fhoilsítear inrochtana agus is féidir í a chur ar fáil i bhformáidí malartacha arna iarraidh sin. Féach thíos alt 6.3 le haghaidh sonraí.

Caibidil 5 Oiliúint foirne

(Sceideal 9 4. (2) (e))

Tiomantas d'oiliúint foirne

5.1 Aithnímid go bhfuil ról ríthábhachtach ag ardú feasachta agus oiliúna i gcur chun feidhme éifeachtach ár ndualgas faoi Alt 75.

5.2 Is mian lenár bPríomhfheidhmeannach tiomantas Uiscebhealaí Éireann do dhualgais reachtúla faoi Alt 75 a chur in iúl ar bhonn dearfach, go hinmheánach agus go seachtrach.

Chuige sin, tá clár éifeachtach cumarsáide agus oiliúna tugtha isteach againn don fhoireann go léir, agus cinnteoimid go déantar tiomantas do dhualgais reachtúla faoi Alt 75 a shoiléiriú i ngach foilseachán ábhartha.

Cuspóirí Oiliúna

5.3 Leanfaidh Uiscebhealaí Éireann ag soláthar oiliúint mhionsonraithe maidir leis an Scéim Comhionannais seo. Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann plean oiliúna a dhréachtú dá fhoireann a mbeidh sé mar aidhm leis na cuspóirí a leanas a bhaint amach:

- feasacht a mhúscailt faoi fhorálacha Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, maidir lenár ngealltanais faoin Scéim Comhionannais agus na saincheisteanna áirithe ar dóigh dóibh dul i bhfeidhm ar dhaoine ar fud raon catagóirí faoi Alt 75, chun a chinntiú go dtuigeann ár bhfoireann go hiomlán a ról i gcur chun feidhme na scéime.

- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a sholáthar don fhoireann sin a bhfuil baint acu le measúnacht beartas (scagadh agus MTC) chun an obair sin a dhéanamh go héifeachtach.

- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a sholáthar do na baill foirne sin a dhéileálann le gearáin i ndáil le comhlíonadh ár Scéime Comhionannais chun gearáin a imscrúdú agus faireachán a dhéanamh orthu go héifeachtach.

- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a sholáthar don fhoireann sin a bhfuil baint acu le próisis chomhairliúcháin d'fhonn an obair sin a dhéanamh go héifeachtach.

- na scileanna agus an t-eolas riachtanach a sholáthar don fhoireann sin a bhfuil baint acu le cur chun feidhme éifeachtach Scéim Comhionannais Uiscebhealaí Éireann agus faireachán uirthi sin chun an obair sin a dhéanamh go héifeachtach.

Feasacht a mhúscailt agus socruithe oiliúna

5.4 Tá na socruithe a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil ár bhfoireann agus ár Stiúrthóirí go léir ar an eolas agus go dtuigeann siad ár n-oibleagáidí comhionannais.

- Déanfaimid achoimre ar an Scéim Comhionannais seo a fhorbairt agus í a chur ar fáil don fhoireann uile.

- Soláthróimid teacht ar chóipeanna den Scéim Comhionannais iomlán ar fáil don fhoireann go léir; a chinntiú go dtugtar aghaidh go héifeachtach ar aon cheisteanna nó ceisteanna soiléirithe a bhíonn ag an bhfoireann.

- Gheobhaidh baill foirne in Uiscebhealaí Éireann faisnéisiú ar an Scéim Comhionannais seo laistigh de shé mhí óna ceadú.

- Tá dualgais reachtúla faoi Alt 75 mar chuid den oiliúint ionduchtaithe do bhaill foirne nua.

- Cuirtear oiliúint dhírithe ar fáil do phríomhbhaill foirne laistigh d'Uiscebhealaí Éireann a bhfuil baint dhíreach acu le cur chun feidhme ár ngealltanas faoin Scéim Comhionannais (mar shampla, iad siúd a bhfuil baint acu le taighde agus bailiú sonraí, forbairt beartais, dearadh seirbhíse, measúnachtaí tionchair comhionannais a dhéanamh, comhairliúchán, faireachán agus measúnaíocht).

- Nuair is iomchuí, cuirfear oiliúint ar fáil chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhíonn ag an raon grúpaí faoi Alt 75.

- Nuair is iomchuí, agus ar bhonn leanúnach, déanfar socruithe chun a chinntiú go gcoinneofar an fhoireann ar an eolas faoi fhorbairtí faoi Alt 75.

5.5 Forbrófar cláir oiliúna agus feasachta, nuair is ábhartha, i gcomhar leis na grúpaí faoi Alt 75 cuí agus lenár mbaill foirne.

D'fhonn acmhainní agus saineolas a chomhroinnt, oibreoidh Uiscebhealaí Éireann, nuair is féidir, go dlúth le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile i bhforbairt agus i seachadadh oiliúna.

Faireachán agus meastóireacht

5.6 Tá ár gclár oiliúna faoi réir na socruithe faireacháin agus meastóireachta a leanas:

- Déanaimid measúnú ar a mhéad a bhain na rannpháirtithe uile sa chlár oiliúna seo amach na scileanna agus an t-eolas riachtanach chun gach ceann de na cuspóirí thuas a bhaint amach.

- Tabharfar tuairisc ar a mhéad a baineadh amach cuspóirí oiliúna mar chuid de thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi Alt 75, a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais.

- Comhlánóidh gach ball foirne a fhreastalaíonn ar oiliúint ar chomhionannas foirmeacha measúnachta. Déanfar anailís agus faireachán ar an aiseolas sin agus déanfar gach coigeartú ábhartha ar an oiliúint nuair is gá.

5.7 Tá oiliúint chomhionannais éigeantach in Uiscebhealaí Éireann agus cuireadh an oiliúint sin ar gach ball foirne. Tá sainoiliúint faighte ag baill foirne atá ag obair san Aonad Comhionannais agus in Acmhainní Daonna. Leanfar le hathnuachan a dhéanamh ar oiliúint chomhionannais gach trí bliana.

Caibidil 6 Ár socruithe chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar na seirbhísí a sholáthraímid a chinntiú agus a mheas

(Sceideal 9 4. (2) (f))

6.1 Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta chun a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis a scaipimid agus na seirbhísí a sholáthraímid inrochtana go hiomlán do gach cuid den phobal i dTuaisceart Éireann. Coinnímid ár socruithe faoi athbhreithniú chun a chinntiú go bhfanfaidh sé amhlaidh.

6.2 Tá a fhios againn nach mbeidh an rochtain chéanna ag grúpaí áirithe ar fhaisnéis agus atá ag grúpaí eile. Go háirithe maidir leis an méid a leanas:

- D'fhéadfadh go mbeadh faisnéis chlóite i bhformáidí eile ag teastáil ó dhaoine faoi mhíchumas céadfach, foghlama, cumarsáide agus soghluaisteachta;
- D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag baill de ghrúpaí mionlaigh eitneacha, nach é an Béarla an chéad teanga acu, le faisnéis a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin;
- B'fhéidir nach mbeadh leanaí agus daoine óga in ann rochtain iomlán a fháil ar fhaisnéis nó í a thuiscint.

Rochtain ar fhaisnéis

6.3 Chun comhionannas deiseanna a chinntiú maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis, soláthraímid faisnéis i bhformáidí malartacha arna iarraidh sin, nuair is féidir. I gcás nach féidir an t-iarratas beacht a chomhlíonadh, cinnteoimid go soláthrófar rogha eile réasúnach.

D'fhéadfadh go mbeadh Easy Read, Braille, formáidí fuaime, cló mór nó mionteangacha i measc na bhformáidí malartacha chun freastal orthu siúd nach é an Béarla a gcéad teanga.

Bíonn uiscebhealaí Éireann i dteagmháil le hionadaithe daoine óga agus eagraíochtaí míchumais agus mionlaigh eitneacha agus cuireann siad san áireamh dea-chleachtas atá ann cheana féin agus atá ag forbairt.

Tacóimid le duine ar bith chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus cuirfimid an fhaisnéis ar fáil i bhformáid atá oiriúnach dá riachtanais nuair is féidir. Tabharfaimid freagra ar iarratais ar fhaisnéis i bhformáidí malartacha ar bhonn tráthúil, de ghnáth taobh istigh de 20 lá. Mura féidir linn an iarraidh a chomhlíonadh laistigh den amscála sin, cuirfear scála ama athbhreithnithe in iúl gan mhoill.

6.4 Agus faisnéis á scaipeadh trí na meáin, féachfaimid le fógraíocht a dhéanamh sna nuachtáin nuair is cuí.

6.5 Scagtar gach foilseachán de chuid Uiscebhealaí Éireann chun a chinntiú go bhfuil doiciméid inrochtana á gcur ar fáil againn do chách. Is iad baill foirne oilte a dhéanann an cleachtadh sin.

Rochtain ar sheirbhísí

6.6 Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta chun a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí ar fad inrochtana go hiomlán do gach duine sa phobal ar fud na gcatagóirí faoi Alt 75 agus go bhfuil siad príomhshruthaithe i ngach réimse dár seachadadh seirbhíse.

Comhlíonann Uiscebhealaí Éireann freisin forálacha ábhartha na reachtaíochta reatha in aghaidh idirdhealaithe.

6.7 Cuirtear prionsabail agus dea-chleachtas um Rochtain do Chách san áireamh agus an bonneagar nua agus athchóirithe ar fad á dhearadh agus á thógáil ar na huiscebhealaí agus i bhfoirgnimh Uiscebhealaí Éireann.

Rochtain an phobail ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a mheas

6.8 Déanaimid faireachán go bliantúil ar fud ár bhfeidhmeanna ar fad, maidir le rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí, chun a chinntiú go gcuirtear comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh chun cinn.

Ina measc sin, tá:

- Faireachán a dhéanamh ar ghearáin – ar siúl go leanúnach
- Athbhreithniú ar Airteagal 55 – go bliantúil
- Neamhionannais a shainaithint sa phróiseas chun Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn S75 a dhréachtú

6.9 Tabharfaidh Uiscebhealaí Éireann aird chuí ar a dhualgais maidir le dea-chaidreamh a chur chun cinn agus a spreagadh idir daoine ó chiníocha éagsúla, le creidimh reiligiúnacha éagsúla agus tuairimí polaitiúla éagsúla.

Tuairiscíonn Uiscebhealaí Éireann ar mheasúnacht maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí mar chuid dár dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoi Alt 75 don Choimisiún Comhionannais.

Caibidil 7 Amchlár do bhearta a mholaimid sa Scéim Comhionannais seo

(Sceideal 9 4. (3) (b))

7.1 In Aguisín 4, tugtar breac-chuntas ar ár n-amchlár do gach beart a mholtar sa Scéim Comhionannais seo. Ionchorprófar na bearta a leagtar amach san amchlár seo inár bpróisis phleanála gnó.

7.2 Tá an t-amchlár sin difriúil lenár dtiomantas i leith pleananna/bearta gníomhaíochta a fhorbairt, agus, sa bhreis air sin, chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar neamhionannas agus comhionannas deiseanna agus dea-chaidrimh a chur chun cinn tuilleadh. Tá tiomantas curtha san áireamh inár Scéim Comhionannais chun plean gníomhaíochta a fhorbairt. Dá réir sin, tá an tiomantas sin liostaithe in amchlár na mbeart in Aguisín 4. Le haghaidh faisnéise ar na bearta gníomhaíochta sin, féach thuas ag 2.11 – 2.18.

Caibidil 8 Ár nós imeachta gearán

(Sceideal 9 10.)

8.1 Freagraíonn Uiscebhealaí Éireann do thuairimí an phobail. Déanfaimid ár ndícheall gach gearán a dhéanfar linn a réiteach.

8.2 Tagraítear i Sceideal 9 alt 10 den Acht do ghearáin. Féadfaidh duine gearán a dhéanamh le húdarás poiblí má chreideann an gearánach go bhféadfaí go raibh sé nó sí thíos leis go díreach. Mar thoradh ar mhainneachtain líomhnaithe an údaráis chun a Scéim Comhionannais cheadaithe a chomhlíonadh.

Mura mbíonn an gearán réitithe laistigh de thréimhse ama réasúnta, is féidir an gearán a thabhairt chuig an gCoimisiún Comhionannais.

8.3 Ba cheart do dhuine ar mian leis nó léi gearán a dhéanamh gur theip ar Uiscebhealaí Éireann a Scéim Comhionannais cheadaithe a chomhlíonadh teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Comhionannais,

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

8.4 Admhóimid ar an gcéad dul síos go bhfuarthas gach gearán taobh istigh de dheich lá oibre.

8.5 Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann imscrúdú inmheánach ar an ghearán, agus tabharfaidh siad freagra substaintiúil ar an ngearánach laistigh de mhí (1) ón dáta a gheobhaidh sé an litir ghearáin. Faoi imthosca áirithe, má theastaíonn tréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an ábhair, féadfar an tréimhse chun freagra a thabhairt ar an ngearánach a shíneadh go ceann dhá (2) mhí. Sna himthosca sin, cuirfear an gearánach ar an eolas faoin tréimhse shínithe laistigh de mhí tar éis an gearán a dhéanamh.

8.6 Coinneofar an gearánach ar an eolas go hiomlán le linn an phróisis sin maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe ar an ngearán agus maidir le haon torthaí ina thaobh.

8.7 In aon imscrúdú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh an Coimisiún Comhionannais, comhoibreoidh Uiscebhealaí Éireann go hiomlán agus soláthróidh siad rochtain ar bhonn tráthúil ar aon doiciméadacht ábhartha a éileoidh an Coimisiún Comhionannais.

Ar an dóigh chéanna, comhoibreoidh Uiscebhealaí Éireann go hiomlán le haon imscrúdú ag an gCoimisiún Comhionannais faoi fho-mhír 11 (1) (b) de Sceideal 9 a ghabhann le hAcht Thuaisceart Éireann 1998.

8.8 Déanfaidh Uiscebhealaí Éireann gach iarracht aon mholtaí a eascróidh as aon imscrúdú ón gCoimisiún a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán.

Caibidil 9 Foilsiú ár Scéime Comhionannais

(Sceideal 9 4. (3) (c))

9.1 Tá Scéim Comhionannais Uiscebhealaí Éireann ar fáil saor in aisce i bhfoirm chlóite agus i bhformáidí malartacha trí theagmháil a dhéanamh leis an Ionad Comhionannais

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

9.2 Tá ár Scéim Comhionannais ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag:

https://www.waterwaysireland.org/

9.3 Tá na socruithe a leanas i bhfeidhm chun ár Scéim Comhionannais a fhoilsiú go tráthúil d'fhonn comhionannas rochtana a chinntiú:

- Déanfaimid gach iarracht cumarsáid agus ábhar ár Scéime Comhionannais a chur in iúl go forleathan. D'fhéadfadh go n-áireofaí air sin preaseisiúintí, fógraí feiceálacha sa phreas, ar an idirlíon agus seatanna ríomhphoist díreacha chuig grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar na catagóirí éagsúla faoi Alt 75.

- Seolfaimid nasc chuig ár Scéim Comhionannais cheadaithe chuig ár gcomhairleoirí ar ár liostaí comhairliúcháin. Tabharfar fógra i bhfoirm litreach do chomhairlithe eile nach bhfuil r-phost acu go bhfuil an scéim ar fáil ach í a iarraidh. Tabharfaimid freagra ar iarratais ar an Scéim Comhionannais i bhformáidí malartacha go tráthúil, de ghnáth taobh istigh de 20 lá oibre.

- Tá ár Scéim Comhionannais ar fáil ach í a iarraidh i bhformáidí malartacha agus i mionteangacha chun freastal orthu siúd nach bhfuil líofa sa Bhéarla.

- Rachaidh Uiscebhealaí Éireann i dteagmháil le grúpaí ionadaíocha agus le saineolaithe mar fhreagairt ar iarratais shonracha chun an scéim a chur in iúl do leanaí agus do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas.

9.4 Le haghaidh liosta dár ngeallsealbhóirí agus dár gcomhairlithe, féach Aguisín 3 den Scéim Comhionannais, féach ar ár suíomh Gréasáin nó téigh i dteagmháil leis an Ionad Comhionannais.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

An tIonad Comhionannais
Uiscebhealaí Éireann
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Co. Fhear Manach
BT74 7JY

Ríomhphost: informationrequest@waterwaysireland.org

Teileafón: +44 (0) 28 6632 3004

Caibidil 10 Athbhreithniú ar ár Scéim Comhionannais

(Sceideal 9 8. (3))

10.1 Mar a cheanglaítear de réir Sceideal 9 alt 8 (3) d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, déanfaimid athbhreithniú críochnúil ar an Scéim Comhionannais seo. Déanfar an t-athbhreithniú sin laistigh de chúig bliana tar éis an Scéim Comhionannais seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin Comhionannais nó laistigh d'amscála níos giorra d'fhonn ailíniú a cheadú leis an athbhreithniú ar thimthriallta pleanála eile.

Déanfar leis an athbhreithniú meastóireacht ar éifeachtacht ár scéime maidir le cur chun feidhme na ndualgas reachtúil faoi Alt 75 atá ábhartha dár bhfeidhmeanna i dTuaisceart Éireann.

10.2 Agus muid ag tabhairt faoin athbhreithniú seo leanfaimid aon treoir a eiseoidh an Coimisiún Comhionannais. Foilseofar tuarascáil ar an athbhreithniú sin ar ár suíomh gréasáin agus seolfar chuig an gCoimisiún Comhionannais é.

Suíomh Gréasáin: https://www.waterwaysireland.org/

Aguisín 1 Cairt Eagrúcháin



Aguisín 2 Grúpaí samplacha a bhaineann le catagóirí faoi Alt 75 chun críocha Thuaisceart Éireann

Tabhair faoi deara go bhfuil an liosta seo chun críocha léirithe amháin, níl sé uileghabhálach.

Catagóir	Grúpaí samplacha
Creideamh reiligiúnach	Búdaíoch; Caitliceach; Hiondúch; Giúdach; Moslamaigh, daoine nach bhfuil aon chreideamh reiligiúnach acu; Protastúnaigh; Suícigh; creidimh eile. Chun críocha Alt 7, is ionann an sainmhíniú ar an téarma "creideamh reiligiúnach" agus an sainmhíniú a úsáidtear san *Ordú um Fhostaíocht agus Cóireáil Chothrom (TÉ)*.[9] Dá bhrí sin, cuimsítear le "creideamh reiligiúnach" aon chreideamh reiligiúnach *a bhraitear* (nó an easpa creidimh a bhraitear) agus, i gcásanna fostaíochta amháin, clúdaítear leis freisin aon *"creideamh fealsúnachta den chineál céanna".*
Tuairim pholaitiúil[10]	Náisiúnach go ginearálta; Aontachtach go ginearálta; baill/lucht tacaíochta páirtithe polaitíochta eile.
Grúpa ciníoch	Daoine gorma; Sínigh; Indiaigh; Pacastánaigh; daoine de chúlra eitneach measctha; Polannaigh; Romaigh; Taistealaithe; Daoine geala.
Fir agus mná go ginearálta	Fir (buachaillí san áireamh); Daoine trasinscneacha; Daoine trasghnéasacha; mná (cailíní san áireamh).
Stádas Pósta	Páirtithe sibhialta nó daoine atá i bpáirtnéireachtaí sibhialta; daoine atá colscartha; daoine atá pósta; daoine atá scartha; daoine atá singil; daoine ar baintreacha iad.
Aois	Leanaí agus daoine óga; seandaoine.
Daoine faoi mhíchumas	Daoine faoi mhíchumas mar atá sainmhínithe san Acht in Aghaidh Idirdhealú ar bhonn Míchumais 1995.
Daoine le cleithiúnaithe	Daoine a bhfuil freagracht phearsanta orthu as cúram linbh, as aire a thabhairt do dhuine faoi mhíchumas, nó as cúram duine chleithiúnaigh scothaosta.
Claonadh gnéasach	Daoine déghnéasacha; daoine heitrighnéasacha; daoine aeracha nó leispiacha.

[9] Féach Alt 98 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 a deir: *Forléireofar "san Acht seo…" tuairim pholaitiúil" agus "creideamh reiligiúnach" de réir Airteagal 2 (3) agus (4) den Ordú um Fhostaíocht agus um Dhéileáil Chothrom (TÉ) 1998."*

[10] Ibid

Aguisín 3 Liosta na gComhairlithe

(Sceideal 9 4. (2) (a))

Is liosta é seo de dhaoine aonair agus de ghrúpaí a rachaidh Uiscebhealaí Éireann i gcomhairle leo, mar is cuí, mar chuid dá bhfreagrachtaí faoi Alt 75. Is liosta táscach seachas liosta uileghabhálach é, a ndéanfar athbhreithniú air go bliantúil lena chinntiú go bhfanfaidh na comhairlithe ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár mbeartais.

Cinnteoidh Uiscebhealaí Éireann go ndéanfar comhairliúchán maidir le hábhair a bhaineann le dualgais faoi Alt 75, maidir leis an Scéim Comhionannais, scagadh agus measúnachtaí tionchair leis na grúpaí sainleasa ábhartha seo a leanas, an Coimisiún Comhionannais, údaráis phoiblí eile, grúpaí pobail, deonacha agus ceardchumainn, grúpaí eile a bhfuil leas dlisteanach acu san ábhar. Áireofar leis sin iad siúd a dtéann an beartas atá le measúnú i bhfeidhm orthu go díreach, cibé an bhfuil leas díreach eacnamaíoch nó pearsanta acu nó nach bhfuil.

Rachaidh Uiscebhealaí Éireann i dteagmháil ó am go ham le comhairleoirí roimh ré chun a fháil amach má tá suim acu comhfhreagras a fháil maidir le cleachtaí ar leith chun giniúint doiciméad gan ghá a chosc agus d'fhonn dramhaíl a íoslaghdú. Fiafróidh Uiscebhealaí Éireann ó am go ham freisin ar chomhairlithe ar mhaith leo go gcoinneofaí iad ar an liosta comhairliúcháin murar fhreagair siad cleachtaí comhairliúcháin le dhá bhliain roimhe sin.

Liosta na gComhairlithe

- Action Mental Health (Oifig Réigiúnach)
- Action MS
- Action on Hearing Loss
- Advice NI
- Alliance Party of Northern Ireland
- An Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
- An Chomhairle um Chaidreamh Pobail (CCP)
- An Páirtí Aontachtach Daonlathach
- An Roinn Airgeadais (RA)
- An Roinn Bonneagair (RB)
- An Roinn Dlí agus Cirt (RDC)
- An Roinn Oideachais (RO)
- An Roinn Pobal
- An Roinn Sláinte (RS)
- An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil & Gnóthaí Tuaithe (RTCGT)
- An tIonad Dlí do Leanaí
- Antrim and Newtownabbey Council
- Ards and North Down Borough Council
- Armagh City, Banbridge and Craigavon Borough Council
- Autism NI (PAPA)
- Aware NI
- Belfast Health and Social Care Trust
- Biaslán
- British Deaf Association
- British Epilepsy Association
- Cara Friend
- Carers Northern Ireland National Association
- Carrickcraft
- Cluichí Oilimpeacha Speisialta Uladh
- Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann
- Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (CTÉCD)
- Comhairle Buirge Chósta an Tóchair agus na nGleannta
- Comhairle Buirge Lár agus Oirthear Aontroma
- Comhairle Cathrach Bhéal Feirste
- Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh
- Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin,
- Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
- Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
- Comhairle Ceantair Lár Uladh
- Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantair an tSratha Bháin
- Comhairle Ealaíon TÉ
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil

- Comhairle Óige Thuaisceart Éireann
- Comhlacht na gClár Speisialta AE
- Committee on the Administration of Justice
- Community Development & Health Network
- Community NI (NICVA)
- Cónaidhm na nGrúpaí Pobal
- County Down Rural Community Network
- Cumann Scléaróise Iolraí (TÉ)
- Department For Infrastructure Rivers
- Department for the Economy (DfE)
- Department for the Economy's Head of Student Support
- Diabetes UK (NI)
- Disability Sport NI
- Early Years - The Organisation for Young Children
- Education Authority for NI
- Emerald Star
- Equality and Human Rights Unit
- Erne Boat Hire
- Erne Charter Boat Association
- An Oifig Feidhmiúcháin (Feidhmeannacht Thuaisceart Éireannn)
- Extern Organisation
- Feidhmeannach Tithíochta Thuaisceart Éireann
- Foras na Gaeilge
- Forbairt Turasóireachta Idirnáisiúnta
- Girl Guiding Ulster
- GMB
- Gníomhaíocht um Míchumas
- Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (GTÉST)
- Heritage Boat Association
- Heritage Lottery Fund
- Huntington Disease Association
- I.C.B.A.N.
- Idir-Thrádáil Éireann
- Inland Waterways Association of Ireland (NI Branch)
- Inspire NI (Cumann Sláinte Meabhrach TÉ)
- Institiúid Náisiúnta Ríoga na nDall (Tuaisceart Éireann)
- Ionad na mBan
- Libraries NI
- Líonra Ban Lár Uladh
- Líonra Pobail Tuaithe Fhear Manach
- Londonderry Port and Harbour Commissioners
- Loughs Agency
- LUPUS Group
- Manor House Marine
- Marcaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Mencap TÉ
- Muscular Dystrophy Group, NI
- National Trust NI
- North West Forum of People With Disabilities
- Northern Health and Social Care Trust
- Northern Ireland Committee - Comhar Ceardchumann na hÉireann
- Northern Ireland Council for Voluntary Action
- Northern Ireland Dyslexia Association
- Northern Ireland Environmental Link
- Northern Ireland Women's European Platform
- NOW Group
- NSPCC Northern Ireland Division
- NUS USI
- Oifig an Chéad Aire & an Leas-Chéad Aire
- Omagh Women's Area Network
- Outdoor Recreation NI
- Páirtí Aontachtach Uladh
- Playboard NI Ltd
- Positive Futures
- Praxis Care
- Scáth Chomhairle Óige Fhear Manach
- Scout Association NI
- SDLP
- Sense Northern Ireland
- Share Discovery Village
- Sinn Féin
- South Eastern Health and Social Care Trust
- Southern Health and Social Care Trust
- Strabane Community Network
- The Cedar Foundation
- The Local Government Staff Commission for NI
- Turasóireacht Thuaisceart Éireann
- Ulster Scots Community Network
- Ulster Wildlife
- Ulster's People College
- Versus Arthritis
- Walk NI (Outdoor Recreation NI)
- Western Health and Social Care Trust

Aguisín 4 Amchlár do na bearta molta
(Sceideal 9 4 (3) (b))

Beart	Príomhfhreagracht	Amchlár
Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn ar Alt 75 [2.7]	Ionad Comhionannais	31 Lúnasa (go bliantúil)
Plean Gníomhaíochta Dréacht ar Phlean Gníomhaíochta 2023-2025 curtha i dtoll a chéile agus comhairle faighte air [2.15] Plean Gníomhaíochta Deiridh foilsithe [2.18]	Ionad Comhionannais Ionad Comhionannais	Q4 2022 Q1 2023
Comhairliúchán Liosta comhairliúcháin athbhreithnithe agus nuashonraithe [3.4]	Ionad Comhionannais	Go bliantúil
Scagadh Amchlár scagtha [4.4] Tuarascálacha Scagtha le foilsiú [4.15]	Ionad Comhionannais Ionad Comhionannais	Leanúnach de réir mar is gá – tuairisc le tabhairt sa tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Bliantúil chuig Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (CCTÉ) Foilsithe go ráithiúil
Measúntacht Tionchair Comhionannais- MTCI (EQIA) Amchlár an MTCI [4.16]	Ionad Comhionannais	De réir mar is gá, tá tuairisc le tabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn chuig CCTÉ (ECNI)
Monatóireacht Athbhreithniú ar eolas monatóireachta [4.31] Eolas monaitóireachta a fhoilsiú [4.33; 4.34]	Príomhfheidhmeannach & Foireann Bainistíochta Sinsearaí Ionad Comhionannais	Tá tuairisc le tabhairt air sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn agus le foilsiúar shuíomh gréasáin Uiscebhealaí Éireann

Beart	Príomhfhreagracht	Amchlár
Oiliúint Oiliúint chomhionannais a fhorbairt, a sheachadadh agus a mheas [5]	An tOifigeach Comhionannais/Príomhoifigeach AD	Oiliúint leanúnach. Forbraítear plean oiliúna gach bliain
Rochtain ar Fhaisnéis & Seirbhísí Rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a mheas [6.9]	Ionad Comhionannais	Déantar í seo a athbhreithniú don Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn
Cumarsáid Eolas scaipthe ar an Scéim Comhionannas [9.3] Fógra go comhairlithe [9.3]	Ionad Comhionannais	Thar thréimhse 3 mhí tar éis don Choimisiún Comhionannais í a fhaomhadh
Athbhreithniú Athbhreithniú ar an Scéim Comhionannais [10.1]	Ionad Comhionannais	Gach cúig bhliain

Aguisín 5 Gluais téarmaí

Acht Thuaisceart Éireann
Fuair Acht Thuaisceart Éireann, lena gcuirtear Comhaontú Aoine an Chéasta chun feidhme, Aontú Ríoga an 19 Samhain 1998. Cruthaíodh le halt 75 den Acht na dualgais reachtúla comhionannais.

Alt 75
Foráiltear le halt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann go gceanglaítear ar gach údarás poiblí, agus a fheidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann á gcomhlíonadh aige, aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir an méid a leanas:-

- daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil éagsúil acu, daoine a bhaineann le grúpa ciníoch éagsúil nó duine d'aois, stádas pósta nó claonadh gnéis éagsúil;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe orthu agus daoine nach bhfuil.

Gan dochar do na hoibleagáidí sin, caithfidh gach údarás poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna maidir le Tuaisceart Éireann aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach acu, nó tuairim pholaitiúil éagsúil nó daoine de ghrúpa ciníoch éagsúil.

Athbhreithniú ar Airteagal 55
Faoin Ordú um Fhostaíocht agus um Dhéileáil Chothrom (TÉ) 1998, ní mór do gach fostóir cláraithe athbhreithnithe thréimhsiúla a dhéanamh ar chomhdhéanamh a lucht oibre agus ar a gcleachtais fostaíochta chun a chinneadh más amhlaidh go bhfuil rannpháirtíocht chothrom san fhostaíocht ag baill de na pobail Phrotastúnacha agus Chaitliceacha Rómhánacha ann, agus más amhlaidh gur dócha gur mar sin a leanfaidh cúrsaí ar aghaidh maidir le baill foirne gach fostóra. Caithfear na hathbhreithnithe sin, ar a dtugtar Athbhreithnithe Airteagal 55 go coitianta, a dhéanamh uair amháin gach trí bliana ar a laghad.

Bearta gníomhaíochta agus torthaí
Bearta sonracha chun comhionannas agus dea-chaidreamh a chur chun cinn do na catagóirí ábhartha faoi Alt 75 agus do na catagóirí ábhartha maidir le dea-chaidreamh, atá nasctha le torthaí indéanta, ar cheart a bheith réalaíoch agus tráthúil.

Beartas
Na cinntí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a dhéanann údarás poiblí maidir lena dhualgais a chomhlíonadh. Sainmhínítear é sa New Oxford English Dictionary amhail 'cúrsa nó prionsabal gníomhaíochta arna ghlacadh nó arna mholadh ag páirtí rialtais, gnó nó duine aonair'. I gcomhthéacs Alt 75, clúdaítear leis an téarma **beartais** gach bealach a ndéanann údarás poiblí a fheidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann a chomhlíonadh nó a mholadh. I measc na mbeartas, tá beartais neamhscríofa agus scríofa.

Breithmheas eacnamaíoch
Is próiseas córasach é breithmheas eacnamaíoch chun scrúdú a dhéanamh ar úsáidí malartacha acmhainní, ag díriú ar mheasúnú riachtanas, cuspóirí, roghanna, buntáistí ó thaobh costais de, rioscaí, maoiniú agus inacmhainneacht agus fachtóirí eile a bhaineann le cinntí.

Comhairle na hEorpa
Cumhdaítear le Comhairle na hEorpa, atá lonnaithe in Strasbourg, beagnach mór-roinn na hEorpa ar fad, lena 47 ballstát. Bhunaigh 10 dtír Comhairle na hEorpa ar an 5 Bealtaine 1949, agus féachann sí le prionsabail choitianta agus dhaonlathacha a fhorbairt ar fud na hEorpa bunaithe ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus téacsanna tagartha eile maidir le cosaint daoine aonair.

Comhairliúchán
I gcomhthéacs Alt 75, is é an comhairliúchán an próiseas chun a dtuairimí a iarraidh orthu siúd a dtéann beartas i bhfeidhm orthu (.i. úsáideoirí seirbhíse, baill foirne, an pobal i gcoitinne) maidir le cén dóigh a d'fhéadfaí an beartas a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar fud na 9 gcatagóir. Éileoidh cúinsí éagsúla cineálacha éagsúla comhairliúcháin. D'fhéadfadh cruinnithe, fócasghrúpaí, suirbhéanna agus ceistneoirí a bheith san áireamh i gcomhairliúcháin, mar shampla.

Comhionannas a phríomhshruthú
Prionsabail, straitéisí agus cleachtais maidir le comhdheiseanna a chomhtháthú in obair laethúil na n-údarás poiblí ón tús. Is é sin le rá, is ionann príomhshruthú agus an próiseas chun a chinntiú go gcuirtear cúinsí comhionannais san áireamh sa phróiseas forbartha beartais ón tús, seachas iad a bheith curtha san áireamh ag an deireadh. Is féidir le príomhshruthú cuidiú le modhanna oibre a fheabhsú trí chuntasacht, freagrúlacht maidir le riachtanais agus caidreamh leis an bpobal ag údarás poiblí a mhéadú. Féadann sé breisluach a thabhairt ar go leor leibhéal.

Comhionannas deiseanna
Idirdhealú idir daoine a chosc, a dhíchur nó a rialáil ar fhorais tréithe lena n-áirítear gnéas, stádas pósta, aois, míchumas, creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, cleithiúnaithe, cine agus claonadh gnéasach. Tá níos mó i gceist le comhionannas deiseanna a chur chun cinn ná deireadh a chur le hidirdhealú. Éilítear go nglacfar bearta réamhghníomhacha chun comhionannas deiseanna a chinntiú idir na catagóirí a shainaithnítear faoi Alt 75.

Dea-chaidreamh
Cé nach bhfuil sé sainithe sa reachtaíocht, chomhaontaigh an Coimisiún an sainmhíniú oibre a leanas maidir le dea-chaidreamh: 'fás an chaidrimh agus na struchtúr do Thuaisceart Éireann a thugann aitheantas do chomhthéacs reiligiúnach, polaitiúil agus ciníoch na sochaí sin, agus a fhéachann le meas, cothromas agus muinín a chur chun cinn, agus glacadh leis an éagsúlacht i ngach aon chineál di'.

Faireachán
Is éard is faireachán ann ná faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar bheartas chun a thionchar ar chatagóirí faoi Alt 75 a mheas. Caithfidh an faireachán a bheith íogair do na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine

agus príobháideacht. Ba cheart d'údaráis phoiblí comhairle a lorg ó chomhairlithe agus ó ghrúpaí ionadaíochta faoi Alt 75 agus córais faireacháin á mbunú acu.

Is éard atá san fhaireachán ná faisnéis ábhartha a bhailiú agus beartais a mheas. Ní bhaineann sé le bailiú sonraí amháin, féadann sé a bheith i bhfoirm cruinnithe rialta agus tuairisciú ar thaighde a dhéantar. Ní críoch ann féin é an faireachán ach soláthraítear leis na sonraí don chéad timthriall eile de scagadh beartas.

Gníomh dearfach
Ní shainmhínítear an frása sin in aon reacht, ach tuigeann an Coimisiún Comhionannais go gciallaíonn sé aon ghníomh dleathach a d'fhéadfadh údarás poiblí a dhéanamh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine maidir le fostaíocht nó maidir le rochtain a fháil ar earraí, áiseanna nó seirbhísí (cosúil le seirbhísí sláinte, tithíocht, oideachas, ceartas, póilíneacht). D'fhéadfadh beartais, cleachtais nó nósanna imeachta nua a bheith i gceist leis; nó sean-chinn a athrú nó a fhágáil inár ndiaidh.

Ní hionann *gníomh dearfach* agus *idirdhealú dearfach*. Tá idirdhealú dearfach difriúil le gníomh dearfach ina leith sin nó baineann *gníomh dearfach* le caingean dleathach a dhéanamh ach baineann *idirdhealú dearfach* le bearta neamhdhleathacha a dhéanamh. Dá bharr sin, tá *gníomh dearfach* dleathach de réir an tsainmhínithe ach tá *idirdhealú dearfach* neamhdhleathach .

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (GTÉST)
Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin í Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA) laistigh den Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP). Soláthraíonn siad faisnéis staidrimh agus taighde maidir le saincheisteanna Thuaisceart Éireann agus soláthraíonn siad seirbhísí clárúcháin don phobal ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Imscrúdú maidir le hAlt 75
Imscrúdú a rinne an Coimisiún Comhionannais, faoi Sceideal 9 d'Acht TÉ 1998, a d'eascair as mainneachtain údarás poiblí na gealltanais atá leagtha amach ina Scéim Comhionannais cheadaithe a chomhlíonadh. Tá dhá chineál imscrúdaithe ón gCoimisiún ann, mar a leanas:

1. Imscrúdú ar ghearán ó dhuine a líomhnaíonn gur imríodh tionchar díreach air nó uirthi de dheasca mainneachtain údarás poiblí chun an Scéim Comhionannais cheadaithe a chomhlíonadh;

2. Imscrúdú arna thionscnamh ag an gCoimisiún, i gcás ina gcreideann sé go bhféadfadh sé gur théip ar údarás poiblí a Scéim Comhionannais cheadaithe a chomhlíonadh.

Idirdhealú
Cuireann na dlíthe frith-idirdhealaithe cosc ar na cineálacha idirdhealaithe a leanas:

- Idirdhealú díreach
- Idirdhealú indíreach

- Idirdhealú ar bhonn míchumais
- Íospairt
- Ciapadh

Seo a leanas cur síos achoimre ar na téarmaí thuas:

- Idirdhealú díreach

Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a chaitheann údarás poiblí le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach leis an dóigh a chaitheann sé (nó, mar a chaithfeadh sé) le duine eile, sna himthosca céanna nó in imthosca dá leithéid, ar cheann amháin nó níos mó de na forais reachtúla neamh-idirdhealaithe.

De ghnáth, beidh cinneadh nó caingean atá idirdhealaitheach go díreach neamhdhleathach mura rud é: (a) i gcás idirdhealú ar bhonn aoise, gur féidir an cinneadh a chosaint go hoibiachtúil, nó (b) in aon chás eile, gur féidir leis an údarás poiblí brath ar eisceacht reachtúil a cheadaíonn é – amhail *eisceacht maidir le fíor-riachtanas ceirde; nó, eisceacht maidir le gníomhaíocht dhearfach a cheadaíonn don fhostóir úsáid a bhaint as* “ráitis fáiltithe” nó gníomh dearfach dleathach eile a dhéanamh chun rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht nó faoi mhíbhuntáiste a spreagadh.

- Idirdhealú indíreach

Ní hionann an sainmhíniú ar an téarma sin ar fud cuid de na dlíthe frith-idirdhealaithe, ach go ginearálta, déantar idirdhealú indíreach nuair a chuireann údarás poiblí foráil, critéar nó cleachtas áirithe i bhfeidhm maidir le gach duine, ach ceann a bhfuil éifeacht aige daoine lena mbaineann tréith chomhionannais ar leith (m.sh. an gnéas, nó an creideamh, nó an cine céanna) atá faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile.

De ghnáth beidh foráil, critéar nó cleachtas atá idirdhealaitheach go hindíreach neamhdhleathach mura rud é (a) gur féidir údar oibiachtúil a thabhairt leis, nó (b) gur féidir leis an údarás poiblí brath ar eisceacht reachtúil a cheadaíonn é.

- Idirdhealú ar bhonn míchumais

Chomh maith le hidirdhealú díreach agus íospairt agus ciapadh, d’fhéadfadh idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas tarlú ar dhá bhealach eile freisin: eadhon,

(a) *idirdhealú a bhaineann le míchumas*, agus
(b) *mainneachtain dualgas a chomhlíonadh chun athruithe réasúnta a dhéanamh*).

(a) Tarlaíonn *idirdhealú ar bhonn míchumais* go ginearálta nuair nach gcaitheann (nó nuair nach gcaithfeadh) údarás poiblí, gan údar dleathach, agus ar chúis a bhaineann le míchumas duine atá faoi mhíchumas, chomh fabhrach céanna leis an duine sin ná a chaitheann le daoine eile nach bhfuil (nó nach mbeadh) feidhm ag an gcúis sin ina dtaobh.

(b) Mainneachtain chun dualgas maidir le hathruithe réasúnta a dhéanamh a chomhlíonadh:

Ar cheann de na gnéithe is suntasaí maidir leis an reachtaíocht maidir le hidirdhealú i gcoinne míchumais is ea go gcuireann sí dualgas i gcúinsí forordaithe ar fhostóirí, soláthraithe seirbhíse agus údaráis phoiblí chun cibé céimeanna a ghlacadh atá réasúnach chun míbhuntáistí ar leith a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas sna cúinsí sin a bhaint nó a laghdú.

- Íospairt

Tarlaíonn an cineál idirdhealaithe sin de ghnáth nuair a chaitheann údarás poiblí le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna agus a chaitheann sé (nó, a chaithfeadh sé) le duine eile, sna cúinsí céanna nó i gcúinsí comhchosúla, toisc gur chleacht an duine a c(h)uid ceart faoi na dlíthe frith-idirdhealaithe roimhe seo, nó toisc gur chuidigh le duine eile déanamh amhlaidh. Ní féidir an íospairt a chosaint agus tá sí neamhdhleathach i gcónaí.

- Ciapadh

Tarlaíonn ciapadh de ghnáth nuair a bhíonn duine faoi iompar nach dteastaíonn uaidh nó uaithi a bhaineann le foras neamh-idirdhealaithe agus a bhfuil sé mar chuspóir leis, nó a bhfuil an éifeacht aige, a ndínit a shárú nó timpeallacht imeaglach, naimhdeach, táireach, náireach nó maslach a chruthú dóibh. Ní féidir an ciapadh a chosaint agus tá sé neamhdhleathach i gcónaí.

Idirdhealú dearfach

Go ginearálta, is féidir gníomh dearfach a shainiú mar rud ar bith atá comhsheasmhach leis an reachtaíocht atá riachtanach chun athrú dearfach a dhéanamh. Is frása é a úsáidtear san Ordú um Fhostaíocht agus um Dhéileáil Chothrom (TÉ) 1998 chun cur síos a dhéanamh ar ghníomh dleathach atá dírithe ar chomhionannas deiseanna agus rannpháirtíocht chothrom i bhfostaíocht a chur chun cinn idir baill de na pobail Phrotastúnacha agus Chaitliceacha Rómhánacha i dTuaisceart Éireann.

Iniúchadh ar éagothroime

Is éard atá in iniúchadh ar éagothroime athbhreithniú agus anailís chórasach ar éagothroime atá ann d'úsáideoirí seirbhíse agus dóibh siúd a dtéann beartais údaráis phoiblí i bhfeidhm orthu. Is féidir le húdarás poiblí iniúchadh a úsáid chun a chuid oibre a threorú maidir le dualgais chomhionannais agus dea-chaidrimh faoi Alt 75. Féadann sé údaráis phoiblí a chumasú chun dul chun cinn maidir le cur chun feidhme dualgas reachtúil faoi Alt 75 a mheas, toisc go soláthraíonn sé faisnéis bhunlíne ar an éagothroime atá ann cheana a bhaineann le feidhmeanna údaráis phoiblí.

Iniúchadh deisce

Iniúchadh ar dhréacht-Scéim Comhionannais chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an scéim na ceanglais maidir le foirm agus ábhar mar atá mionsonraithe i dTreoirlínte an Choimisiúin (an Treoir).

Maolú ar dhrochthionchar

Sa chás a nochtann measúnacht tionchair comhionannais go bhfuil drochthionchar ag beartas áirithe ar chomhionannas deiseanna, ní mór d'údarás poiblí machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun na torthaí beartais a sheachadadh nach mbeidh éifeacht

chomh díobhálach acu ar na catagóirí ábhartha faoi Alt 75; tugtar maolú ar dhrochthionchar air sin.

Measúnacht tionchair comhionannais
An mheicníocht atá mar bhonn agus taca le hAlt 75, i gcás ina ndéantar beartais atá ann cheana agus bearta atá beartaithe a mheas d'fhonn a chinneadh más amhlaidh go bhfuil drochthionchar acu ar chomhionannas deiseanna do na catagóirí ábhartha faoi Alt 75. Ceanglaítear le measúnachtaí tionchair comhionannais anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla.

PAFT
Ba iad na Treoirlínte um Breithmheas Beartais agus Déileáil Chothrom (PAFT - Policy Appraisal and Fair Treatment) an chéad iarracht neamhreachtúil ar chomhionannas a phríomhshruthú i dTuaisceart Éireann i mí Eanáir 1994. Ba é aidhm na dTreoirlínte PAFT a chinntiú go mbeadh saincheisteanna comhionannais agus cothromais mar bhonn eolais faoi cheapadh beartais agus gníomhaíocht i ngach réimse agus ar gach leibhéal den rialtas. Tá Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 ann anois in ionad PAFT.

Plean Gníomhaíochta
Plean ina leagtar amach na bearta a dhéanfaidh údarás poiblí chun a dhualgais reachtúla faoi Alt 75 a chur chun feidhme. Is meicníocht é chun bearta a chur i bhfeidhm d'fhonn torthaí comhionannais a bhaint amach do chatagóirí comhionannais agus dea-chaidrimh faoi Alt 75.

Scagadh
Beidh an nós imeachta chun na beartais a shainaithint faoi réir measúnacht tionchair comhionannais, agus an dóigh a dtabharfar tosaíocht do na measúnachtaí tionchair comhionannais sin. Is é aidhm an scagtha na beartais a shainaithint ar dóigh go mbeidh tionchar beag/mór acu ar chomhionannas deiseanna ionas gur féidir na hacmhainní is mó a chaitheamh ar na beartais sin a fheabhsú. Éilítear le scagadh athbhreithniú córasach ar bheartais atá ann cheana agus ar bheartais atá beartaithe.

Sceideal 9
Leagtar amach i Sceideal 9 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 forálacha mionsonraithe chun dualgais reachtúla faoi Alt 75 a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear breac-chuntas ar an méid ba chóir a áireamh i Scéim Comhionannais.

Scéim Comhionannais
Doiciméad a thugann breac-chuntas ar shocruithe údaráis phoiblí chun a n-oibleagáidí faoi Alt 75 a chomhlíonadh. Ní mór breac-chuntas de shocruithe an údaráis phoiblí chun comhairliúcháin, scagadh, measúnachtaí tionchair comhionannais, faireachán, oiliúint agus socruithe le haghaidh rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí a chinntiú a áireamh i Scéim Comhionannais.

Sonraí cáilíochtúla
Tagraíonn sonraí cáilíochtúla d'éispéiris daoine aonair óna bpeirspictíocht, go minic le níos lú béime ar uimhreacha nó ar anailís staidrimh. Is dóiche go dtabharfaidh comhairliúcháin sonraí cáilíochtúla ná cainníochtúla.

Sonraí cainníochtúla
Tagraíonn sonraí cainníochtúla d'uimhreacha, a dhíorthaítear de ghnáth ó dhaonra i gcoitinne nó ó shamplaí den daonra sin. Is minic a dhéantar anailís ar an bhfaisnéis sin trí úsáid a bhaint as staidreamh tuairisciúil, a mheasann próifílí, dáiltí agus treochtaí ginearálta sna sonraí, nó staidreamh infeireach a úsáidtear chun 'tábhacht' a chinneadh i gcaidrimh nó i ndifríochtaí sna sonraí.

SACHR
Tá Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine anois curtha in ionad an Bhuan-Choimisiúin Chomhairligh um Chearta an Duine Standing Advisory Commission on Human Rights (SACHR). Mhol SACHR, mar chuid dá athbhreithniú ar mheicníochtaí atá i bhfeidhm chun comhionannas fostaíochta a chur chun cinn agus an dífhostaíocht dhifreálach a laghdú, gur cheart na Treoirlínte PAFT a dhéanamh mar riachtanas reachtúil.

Tionchar difreálach
Tarlaíonn tionchar difreálach nuair a bhíonn beartas difriúil ag grúpa faoi Alt 75. D'fhéadfadh an tionchar sin a bheith dearfach, neodrach nó diúltach. Ní mór d'údarás poiblí breithiúnas a thabhairt i dtaobh an bhfuil tionchar difreálach ag beartas agus ansin caithfidh sé a chinneadh an bhfuil an tionchar díobhálach, bunaithe ar bhreithmheas córasach ar an bhfaisnéis charntha.

Tionchar díobhálach
Sa chás go raibh tionchar éagsúil ar chatagóir faoi Alt 75 ag beartas agus gan an éifeacht sin a bheith chomh fabhrach céanna, tugtar drochthionchar air. Má bhíonn drochthionchar ag beartas ar chatagóir faoi Alt 75, ní mór d'údarás poiblí a mheas más amhlaidh go bhfuil an drochthionchar leatromach go neamhdhleathach. I gceachtar cás, ní mór d'údarás poiblí bearta a dhéanamh chun an drochthionchar a cheartú, trí bhearta maolaitheacha agus/nó bealaí malartacha a mheas chun an beartas a sheachadadh.